Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2024/2125(INI)

24.3.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an Straitéis um Chomhionannas Inscne 2025
(2024/2125(INI))

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

Rapóirtéir: Marko Vešligaj

ACHOIMRE

Leathanach

TAIRISCINT i gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA.....3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN.....11

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR.....15

TAIRISCINT i gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an Straitéis um Chomhionannas Inscne 2025
(2024/2125(INI))

Tá *Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint d'Airteagail 8, 10, 19, 79, 83, 153 agus 157 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint d'Airteagail 21 agus 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta arna fhógairt agus arna shíniú ag an bParlaimint, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún an 17 Samhain 2017, agus don Teachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 dar teideal *The European Pillar of Social Rights Action Plan* [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta] (COM(2021)0102),

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú an 18 Nollaig 1979,

– ag féachaint do Dhearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising ó na Náisiúin Aontaithe an 15 Meán Fómhair 1995 agus do thorthaí a chomhdhálacha athbhreithnithe,

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe an 21 Deireadh Fómhair 2015 agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a leagtar amach ann, go háirithe SFI 5, 'Comhionannas inscne a bhaint amach agus na mná agus cailíní uile a chumhachtú', agus na spriocanna agus táscairí a bhaineann leis,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Luach Saothair Comhionann an 29 Meitheamh 1951, agus do Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh an 21 Meitheamh 2019,

– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) an 11 Bealtaine 2011,

– ag féachaint do threoracha CEE agus AE ó 1975 ar aghaidh maidir le gnéithe éagsúla de chóir chomhionann idir mná agus fir (Treoir 79/7/CEE[1], Treoir 86/613/CEE[2], Treoir 92/85/CEE[3], Treoir 2004/113/CE[4], Treoir 2006/54/CE[5], Treoir 2010/41/AE[6]),

[1] Treoir 79/7/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1978 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí slándála sóisialta a chur chun feidhme de réir a chéile, IO L 6, 10.1.1979, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1979/7/oj.
[2] Treoir 86/613/CEE ón gComhairle an 11 Nollaig 1986 maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne idir mná agus fir atá rannpháirteach i ngníomhaíocht, lena n-áirítear an talmhaíocht, i gcáil fhéinfhostaithe, agus maidir le cosaint do mhná féinfhostaithe le linn toirchis agus máithreachais, IO L 359,

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle[7],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2022/2381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí liostaithe agus bearta gaolmhara[8],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe[9],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac[10],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena leasaítear Treoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE[11],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2024/1712 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus maidir lena híospartaigh a chosaint[12],

– ag féachaint don Teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas Comhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025] (COM(2020)0152),

– ag féachaint don teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 25 Samhain 2020 dar

---

19.12.1986, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1986/613/oj.

[3] Treoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, IO L 373, 21.12.2004, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/113/oj.

[4] Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm, IO L 180, 15.7.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/41/oj.

[5] Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha, IO L 204, 26.7.2006, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/54/oj.

[6] Treoir 92/85/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le bearta a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh feabhsúcháin a chur ar aghaidh ag an obair i dtaca le sábháilteacht agus sláinte oibrithe toircheasacha agus oibrithe atá tar éis leanbh a shaolú nó atá i mbun beathú míche, IO L 348, 28.11.1992, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/85/oj.

[7] IO L 188, 12.7.2019, lch. 79, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1158/oj.

[8] IO L 315, 7.12.2022, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2381/oj.

[9] IO L 132, 17.5.2023, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/970/oj.

[10] IO L, 2024/1385, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1385/oj.

[11] IO L, 2024/1500, 29.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1500/oj.

[12] IO L, 2024/1712, 24.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1712/oj.

teideal *EU Gender Action Plan (GAP) III – an ambitious agenda for gender equality and women's empowerment in EU external action* [Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne (GAP) – clár oibre uaillmhianach do chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh] (JOIN(2020)0017), agus don Doiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach an 25 Samhain 2020 dar teideal *Objectives and Indicators to frame the implementation of the Gender Action Plan III (2021-25)* [Cuspóirí agus Táscairí chun cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta III maidir le hInscne (2021-25) a cheapadh] (SWD(2020)0284),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Márta 2025 dar teideal 'Treochlár do Chearta na mBan' (COM(2025)0097),

– ag féachaint dá rún an 13 Feabhra 2019 maidir le frithfhreagairt i gcoinne chearta na mban agus an chomhionannais inscne san Aontas[13],

– ag féachaint dá rún an 28 Samhain 2019 maidir le haontachas an Aontais le Coinbhinsiún Iostanbúl agus bearta eile chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac[14],

– ag féachaint dá rún an 30 Eanáir 2020 maidir leis an mbearna phá idir na hinscní[15],

– ag féachaint dá rún an 23 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Comhionannas Inscne i mbeartas eachtrach agus slándála an Aontais[16],

– ag féachaint dá rún an 21 Eanáir 2021 maidir le Straitéis an Aontais um Chomhionannas Inscne[17],

– ag féachaint dá rún an 21 Eanáir 2021 maidir leis an mbearna inscne san earnáil dhigiteach a dhúnadh: rannpháirtíocht na mban sa gheilleagar digiteach[18],

– ag féachaint dá rún an 11 Feabhra 2021 maidir le dúshláin amach anseo i ndáil le cearta na mban san Eoraip: breis agus 25 bliana i ndiaidh Dhearbhú Bhéising agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising[19],

– ag féachaint dá rún an 10 Meitheamh 2021 maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn san oideachas agus i ngairmeacha eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM)[20],

– ag féachaint dá rún an 24 Meitheamh 2021 ar staid na sláinte agus na gceart gnéis agus atáirgthe san Aontas, faoi chuimsiú shláinte na mban[21],

[13] IO C 449, 23.12.2020, lch. 102.
[14] IO C 232, 16.6.2021, lch. 48.
[15] IO C 331, 17.8.2021, lch. 5.
[16] IO C 404, 6.10.2021, lch. 202.
[17] IO C 456, 10.11.2021, lch. 208.
[18] IO C 456, 10.11.2021, lch. 232.
[19] IO C 465, 17.11.2021, lch. 160.
[20] IO C 67, 8.2.2022, lch. 137.
[21] IO C 81, 18.2.2022, lch. 43.

– ag féachaint dá rún an 16 Meán Fómhair 2021 maille le moltaí don Choimisiún maidir le foréigean inscnebhunaithe a shainaithint mar réimse nua coireachta a liostaítear in Airteagal 83(1) CFAE[22],

– ag féachaint dá rún an 14 Nollaig 2021 maille le moltaí don Choimisiún maidir leis an bhforéigean inscnebhunaithe a chomhrac: cibearfhoréigean[23],

– ag féachaint dá rún an 15 Nollaig 2021 maidir le comhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach in 2018-2020[24],

– ag féachaint dá rún an 10 Márta 2022 maidir le Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne[25],

– ag féachaint dá rún an 3 Bealtaine 2022 maidir le neamhspleáchas eacnamaíoch na mban a bhaint amach trí fhiontraíocht agus trí fhéinfhostaíocht[26],

– ag féachaint dá rún an 5 Iúil 2022 i dtreo comhghníomhaíocht Eorpach maidir le cúram[27],

– ag féachaint dá rún an 5 Iúil 2022 maidir le bochtaineacht na mban san Eoraip[28],

– ag féachaint dá rún an 1 Meitheamh 2023 maidir le gnéaschiapadh san Aontas agus meastóireacht MeToo[29],

– ag féachaint dá rún an 11 Aibreán 2024 maidir leis an gceart chun ginmhillte a áireamh i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais[30],

– ag féachaint don mholadh uaidh an 19 Nollaig 2024 chuig an gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais don 69ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan[31],

– ag féachaint do thuarascáil an 25 Samhain 2024 ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), Eurostat agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) dar teideal *EU gender-based violence survey: key results* [Suirbhé an Aontais ar fhoréigean inscnebhunaithe: príomhthorthaí],

– ag féachaint d'Innéacs Comhionannais Inscne 2024, arna fhoilsiú ag EIGE an 10 Nollaig 2024,

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

---

[22] IO C 117, 11.3.2022, lch. 88.
[23] IO C 251, 30.6.2022, lch. 2.
[24] IO C 251, 30.6.2022, lch. 23.
[25] IO C 347, 9.9.2022, lch. 150.
[26] IO C 465, 6.12.2022, lch. 54.
[27] IO C 47, 7.2.2023, lch. 30.
[28] IO C 47, 7.2.2023, lch. 2.
[29] IO C, C/2023/1224, 21.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1224/oj.
[30] IO C, C/2025/1279, 13.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1279/oj.
[31] Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2024)0075.

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A10-0000/2025),

A. de bhrí go bhfuil an ceart chun córa comhionainne ina cheart bunúsach a aithnítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh[32] agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha, agus go bhfuil sé bunriachtanach chun é a fhorbairt a thuilleadh;

B. de bhrí go bhfuil comhionannas inscne ina bhunluach de chuid an Aontais, ina cheart bunúsach agus ina phrionsabal lárnach de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus ina choinníoll riachtanach le haghaidh dul chun cinn;

C. de bhrí gur feiniméan forleathan ar fud an domhain é an foréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear san Aontas, agus go bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha aige d'íospartaigh agus don tsochaí;

D. de bhrí go bhfuil an ceart ag gach duine san Aontas rochtain a fháil ar na caighdeáin is airde sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte;

E. de bhrí go bhfuil neamhionannais sa mhargadh saothair agus easpa dálaí córa oibre agus sábháilteachta d'oibrithe ban fós ann ar fud an Aontais, agus go bhfuil an bhearna phá idir na hinscní atá ann cheana, go mór mór, mar thoradh ar an tearcluacháil chórasach ar an obair a dhéantar in earnálacha ina bhfuil mná níos líonmhaire; de bhrí, mar sin, gur gá dul i ngleic le 'pá comhionann as obair chomhionann' chun an bhearna phá idir na hinscní a dhúnadh;

F. de bhrí go bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn ina bhfachtóirí riosca don chomhionannas inscne agus go bhféadfaidís na patrúin reatha neamhionannais inscne, idirdhealaithe agus foréigin i gcoinne ban agus cailíní a bhuanú agus a dhoimhniú;

G. de bhrí gur ar na mná a thiteann freagrachtaí cúraim go díréireach ar fud an Aontais, agus cuireann an méid sin le neamhionannas;

H. de bhrí go léiríonn taighde go bhfuil tearc-ionadaíocht ag mná ar gach leibhéal den chinnteoireacht eacnamaíoch agus pholaitiúil ar fud an domhain, agus go bhfuiltear i bhfad ón sprioc paireacht inscne a bhaint amach sa saol polaitiúil;

I. de bhrí go bhfuil go leor ban agus grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, daoine ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste, daoine atá faoi réir an chiníochais, daoine ó chúlraí eitneacha, mionlaigh nó imirceacha, daoine scothaosta agus daoine LADTIA+, ag tabhairt aghaidh ar chineálacha trasnaithe neamhionannais agus idirdhealaithe san Aontas;

J. de bhrí go n-athdhearbhaítear sa Treochlár um Chearta na mBan tiomantas láidir an Aontais do chomhionannas inscne agus cearta na mban a chosaint agus a chur chun

[32] Airteagail 2 agus 3(3) CAE, Airteagail 8, 10, 19 agus 157 CFAE agus Airteagail 21 agus 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

cinn, agus leagtar amach ann na prionsabail agus an fís fhadtéarmach don dul chun cinn ar a mbeidh Straitéis um Chomhionannas Inscne iar-2025 ag brath;

1. ag iarraidh ar an gCoimisiún Straitéis uaillmhianach um Chomhionannas Inscne 2026-2030 a thíolacadh ina mbeadh bearta nithiúla follasacha reachtacha agus neamhreachtacha sna príomhréimsí a leagtar amach thíos;

Foréigean inscnebhunaithe

2. ag iarraidh ar an gCoimisiún foréigean inscnebhunaithe a shainaithint mar réimse nua coireachta a liostaítear faoi Airteagal 83(1) CFAE chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a chomhrac go héifeachtach, arb é ceann de na sáruithe is forleithne ar chearta bunúsacha san Aontas;

3. ag tathant ar an gCoimisiún feimeamharú a aithint mar choir ar leith;

4. ag iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar thrasuí mear Threoir (AE) 2024/1385 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, an trasuí mear sin a spreagadh, agus a mholadh a thíolacadh maidir le cleachtais dhíobhálacha i gcoinne ban agus cailíní a chosc;

5. ag iarraidh ar an gCoimisiún reachtaíocht an Aontais a chur ar aghaidh chun éigniú a choiriúlú ar bhonn easpa toilithe; ag athdhearbhú nach sárú ar chearta bunúsacha agus ar fhéinriail choirp na mban amháin é an t-éigniú, ach gur cineál dúshaothraithe ghnéasaigh ban agus cailíní é freisin;

Cúram sláinte cuimsitheach inscne-fhreagrúil

6. ag tathant ar an gCoimisiún rochtain uilíoch a áirithiú do mhná agus do chailíní ar chúram sláinte atá inscne-fhreagrúil;

7. ag iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt, ar leibhéal an Aontais, ar na bacainní ar rochtain ar chúram sláinte do mhná ina n-éagsúlacht uile;

8. ag iarraidh ar an gCoimisiún rochtain iomlán agus chomhionann ar sheirbhísí cúram sláinte gnéis agus atáirgthe a áirithiú, lena n-áirítear an ceart chun ginmhilleadh atá sábháilte agus dleathach, do mhná agus do chailíní ina n-éagsúlacht uile;

Comhionannas inscne agus cumhachtú na mban i saol na hoibre

9. ag iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh agus spreagadh a thabhairt do thrasuí mear na dtreoracha maidir le pá íosta leordhóthanach[33], trédhearcacht pá[34] agus mná ar bhoird[35];

[33] Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach (IO L 275, 25.10.2022, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2041/oj).
[34] Treoir (AE) 2023/970.
[35] Treoir (AE) 2022/2381.

10. ag tathant ar an gCoimisiún treoirlínte a fhorbairt lena ndéanfaí foráil maidir le sainmhíniú agus comparáid a dhéanamh ar fud an Aontais ar ‘luach na hoibre’, agus uirlisí agus critéir phostmheastóireachta atá neodrach ó thaobh inscne a bhunú go tapa d’fhonn meastóireacht níos fearr a dhéanamh agus luach saothair níos cothroime a íoc as obair a dhéantar in earnálacha ina bhfuil mná i bhfad níos líonmhaire;

Cearta na mban agus comhionannas inscne san oideachas, san oiliúint agus sa réimse digiteach

11. ag tathant ar an gCoimisiún rochtain inscne-chuimsitheach ar gach leibhéal oideachais a áirithiú agus caighdeáin ardcháilíochta a fhorbairt le haghaidh ábhar oideachais lena gcuirtear comhionannas inscne chun cinn agus lena gcuirtear deireadh le steiréitíopaí inscne, lena n-áirítear oideachas gnéasachta cuimsitheach agus toiliú a chur chun cinn;

12. ag iarraidh ar an gCoimisiún beartas neamhfhulaingthe sa timpeallacht dhigiteach a fhorbairt agus a ghlacadh maidir le gach cineál foréigin inscnebhunaithe, iompraíochtaí díobhálacha agus insintí a bhaineann an bonn de léiriú na mban agus na gcailíní ar líne agus as líne agus a dhéanann drochmheas orthu, agus tosaíocht a thabhairt do bhearta coisctheacha agus do chosaintí ar fud gach réimse beartais dhigitigh;

An saol príobháideach agus gairmiúil a réiteach

13. ag iarraidh ar an gCoimisiún Straitéis Cúraim na hEorpa a fhorbairt ina Comhaontú Cúraim Eorpach cuimsitheach, a mbeidh uirlisí ceangailteacha reachtacha agus airgeadais ag gabháil leis chun infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí cúraim leanaí agus cúraim fhadtéarmaigh atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardcháilíocht;

14. á chur i bhfáth an gá atá le bheith ag díriú ar shamhail ‘saothraí comhionann – cúramóir comhionann’ san Aontas, agus spriocanna Barcelona a athbhreithniú agus a choigeartú ina leith sin, agus na bearta maidir le saoire mháithreachais agus atharthachta a fhorbairt a thuilleadh freisin d’fhonn cothromaíocht inscne níos cothroime a bhaint amach maidir le freagrachtaí cúraim;

Ionadaíocht chomhionann agus rannpháirtíocht pholaitiúil

15. ag tathant ar an gCoimisiún cuótaí inscne reachtacha agus zipliostaí a fhorfheidhmiú le haghaidh gach toghcháin ar bhonn paireachta inscne, agus chun paireacht inscne institiúideach a áirithiú ar gach leibhéal den chinnteoireacht;

Beartas eachtrach feimineach

16. ag iarraidh ar an gCoimisiún beartas eachtrach, slándála, trádála agus forbartha a chur chun cinn ina dtugtar tosaíocht don chomhionannas inscne de réir phrionsabal na gceart, na hionadaíochta agus na n-acmhainní;

Aghaidh a thabhairt ar ghluaiseachtaí frith-inscne

17. ag tathant ar an gCoimisiún uirlis chuimsitheach a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar chúlú daonlathach agus ar chúlú i dtaca le cearta na mban, a bhfuil nasc

bunúsach eatarthu, agus chun dul i ngleic leo, agus chun a áirithiú go bhfanann comhionannas inscne mar thosaíocht ar fud an Aontais;

Modhanna comhtháite chun comhionannas inscne a bhaint amach

18. ag athdhearbhú nach mór gach iarracht chun dul chun cinn a bhaint amach sa chomhionannas inscne a dhéanamh agus prionsabail an trasnachais agus an phríomhshruthaithe inscne á n-urramú go hiomlán;

19. ag iarraidh ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm an phríomhshruthaithe inscne a áirithiú agus a fhorbairt a thuilleadh ina struchtúir, ina mhodhanna agus ina uirlisí, agus a áirithiú go ndéanfar gné na hinscne a chomhtháthú i ngach ceann de thograí an Choimisiúin, lena n-áirítear gach nós imeachta buiséadach;

20. ag tathant ar an gCoimisiún trasnachas a úsáid agus a fhorbairt a thuilleadh mar phrionsabal uileghabhálach sa Straitéis nua um Chomhionannas Inscne;

°

° °

21. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá comhionannas inscne ar cheann de **bhunluachanna** an Aontais Eorpaigh agus, chomh maith le cearta na mban; is cuid fhíor-riachtanach agus dhoroinnte de chearta an duine iad. Cuirtear i láthair leo bonn agus cuspóir an smachta reachta ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, chomh maith leis na táscairí is leordhóthanaí agus is ábhartha maidir le sláinte agus athléimneacht ár ndaonlathais.

Sa chomhthéacs geopholaitiúil agus sna próisis dhomhanda reatha, tá sé níos tábhachtaí anois ná riamh **clár oibre uaillmhianach a chur chun cinn do chearta na mban agus don chomhionannas inscne** agus mar sin, tagann an tuarascáil seo ag tráth ríthábhachtach don Aontas Eorpach. Leis an straitéis nua, mar atá, Straitéis Eorpach um Chomhionannas Inscne iar-2025, ní mór seasamh leis na caighdeáin a socraíodh sna blianta roimhe sin agus bogadh ar aghaidh le hiarracht chuimsitheach i dtreo **comhionannas inscne a bhaint amach ar gach leibhéal agus i ngach réimse, le haghaidh gach duine gan idirdhealú.** Ina theannta sin, leis an Straitéis nua ní mór **beart cinntitheach a dhéanamh maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta** a glacadh cheana.

Tiocfaidh an Straitéis nua ag tráth a bhfuil na gluaiseachtaí frith-inscne agus frithdhaonlathacha ag teacht chun cinn agus, mar sin, leis an téacs, a chuirfidh an Coimisiún chun cinn, ní mór **tiomantas soiléir institiúideach agus gealltanais nithiúla a léiriú chun an creat don chomhionannas inscne a chosaint agus a fhorbairt a thuilleadh agus ar an gcaoi sin, ár ndaonlathas a chosaint.** Ní ann don daonlathas gan rannpháirtíocht chomhionann agus láidir idir mná agus cailíní agus is iad na daoine a dhéanann iarracht deireadh a chur lenár gcreat institiúideach ná na daoine a dhéanann ionsaí ar chearta na mban. Tá na cláir oibre sin idirnasctha agus mar sin, teastaíonn **freagairt atá bunaithe ar an Eoraip.** Ní mór freagairt dá leithéid a dhéanamh ar fud na réimsí beartais uile, ar gach leibhéal le **príomhshruthú inscne** soiléir ar fud ár gcuid oibre.

Tá athrú mór tagtha ar shaol an lae inniu ón tráth a glacadh an Straitéis um Chomhionannas Inscne[1] dheireanach agus ní mór déileáil go leormhaith le réimsí nua: ón bhforéigean agus ó chiapadh i gcoinne ban agus cailíní sa réimse digiteach agus i saol na hoibre go dtí an gá atá le beartas eachtrach feimineach lena gcothaítear an tsíocháin agus chun sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a chosaint, lena n-áirítear rochtain ar ghinmhilleadh atá sábháilte agus dleathach, mar chearta bunúsacha daonna. Ní mór dúinn freisin **cur chuige trasnach** a chur san áireamh inár mbeartais mar is eol dúinn go maith go bhfuil cineálacha éagsúla idirdhealaithe ag cur isteach ar ghrúpaí áirithe, e.g. mná imirceacha, daoine LADTIA, mná Romacha, mná faoi mhíchumas san Aontas. Tá sé de dhualgas orainn aghaidh a thabhairt orthu uile go cuí agus go tapa.

Is céim sa treo ceart é an **Treochlár do Chearta na mBan**[2] a cuireadh i láthair le déanaí agus aithnítear ann go leor saincheisteanna atá romhainn sa lá atá inniu ann a bhaineann le cearta na mban, ach ní mór cur leis an méid sin laistigh den Straitéis nua um Chomhionannas Inscne le **bearta nithiúla, reachtacha agus neamhreachtacha** atá dírithe ar shochaí atá comhionann ó thaobh na hinscne de a chruthú i ndáiríre.

Is éard atá i **bhforéigean inscnebhunaithe**, de réir shainmhíniú na hInstitiúide Eorpaí um

[1] IO C 364, 28.10.2020, lgh. 77-86.
[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún ‘Treochlár do Chearta na mBan’ (COM(2025) 97 final).

Chomhionannas Inscne, aon chineál foréigin atá bunaithe ar inscne duine ó fhoréigean fisiciúil go foréigean mothúchánach go foréigean airgeadais go foréigean atáirgthe, agus cé gur féidir le haon duine a bheith ina íospartach d'fhoréigean inscnebhunaithe, is mná is mó a bhíonn ina n-íospartaigh[3]. I bhFócas Téamach an Innéacs Comhionannais Inscne[4] is déanaí, pléadh go sonrach le foréigean inscnebhunaithe agus léiríonn na sonraí gur fhulaing 31 % de mhná san Aontas foréigean fisiciúil agus/nó gnéasach ó bhí siad 15 bliana d'aois. Léiríonn an méid sin, cé go bhfuil dul chun cinn reachtach agus neamhreachtach déanta san Aontas[5], go bhfuil **foréigean inscnebhunaithe** fós ar cheann de na príomhdhúshláin a chuireann cosc ar shochaí atá comhionann ó thaobh inscne de i ndáiríre, go bhfuil sé fós go mór i réim ar fud an Aontais agus nach mór aghaidh a thabhairt air a thuilleadh ar leibhéal na hEorpa agus é a shainiú go soiléir **mar choir de chuid an Aontais**. Léiríonn na sonraí le déanaí gur saincheist phráinneach é cur chun feidhme na reachtaíochta atá ann cheana, e.g. **an Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac,** agus nach mór faireachán a dhéanamh uirthi agus treoir mhaith a thabhairt di. Is gá freisin gnéithe áirithe d'obair reachtach roimhe seo a athcheapadh agus a fhorbairt a thuilleadh, amhail na sainmhínithe atá bunaithe ar thoiliú, **éigniú a chur le liosta choireanna an Aontais, chomh maith le feimeamharú a aithint mar chion ar leithligh ó dhúnbhású** ach aird a tharraingt freisin ar chuid de na catagóirí foréigin inscnebhunaithe nach bhfuil mórán aithne orthu, e.g. foréigean cnáimhseach agus cúram ginmhillte a shéanadh. Chomh maith leis sin, ba mhaith linn dul chun cinn a fheiceáil ar na Moltaí maidir le Cleachtais Dhíobhálacha.

Tá an ceart chun rochtain a fháil ar **na caighdeáin is airde sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte ag gach duine san Aontas Eorpach agus ní mór ardleibhéal cosanta** do shláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais[6]. Cumhdaítear an ceart chun rochtain a fháil ar chúram sláinte le Prionsabal 16 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus sa Phlean Gníomhaíochta, spreagaimid na Ballstáit chun dul i ngleic le neamhionannais sláinte. Léiríonn an tInnéacs Comhionannais Inscne dul chun cinn mall sa chomhionannas inscne sa tsláinte, cuir i gcás, thit sciar na mban agus na bhfear a mheasann go bhfuil a sláinte an-mhaith nó go maith in dhá thrian de na Ballstáit agus ní dhéantar taighde leordhóthanach ar chuid mhór riochtaí atá íogair ó thaobh gnéis agus inscne, ní thugtar maoiniú ná acmhainní leordhóthanacha dóibh, agus ní thugtar tosaíocht dóibh[7].

Tá sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SCGA) ar cheann de na príomh-shaincheisteanna sa phlé ar chearta an duine agus tá siad doscartha ó chur i gcrích an chirt bhunúsaigh chun sláinte, chomh maith le comhionannas inscne a bhaint amach agus foréigean inscnebhunaithe a dhíothú. Is é neamhspleáchas coirp duine agus an ceart cinneadh a dhéanamh faoi chorp agus saol an duine an dearbh-réamhchoinníoll chun comhionannas inscne a bhaint amach. Is sáruithe ar chearta an duine iad sáruithe ar SCGA. Is dúshláin choiteanna Eorpacha iad na dúshláin uile a bhaineann le SCGA a bhíonn le sárú sna Ballstáit agus is saincheist a bhaineann le cearta an duine é sin chomh maith le saincheist sláinte, nach

[3] https://eige.europa.eu/gender-based-violence
[4] Innéacs Comhionannais Inscne 2024: *Tackling violence against women, tackling gender inequalities* [Ag dul i ngleic le foréigean in aghaidh na mban, ag dul i ngleic le neamhionannais inscne], arna fhoilsiú in 2025.
[5] Amhail glacadh na Treorach maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus aontachas an Aontais le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl')
[6] IO C 326, 26.10.2012, lgh. 391-407.
[7] EIGE (2025), *Impact driver: marking milestones and opportunities for gender equality in the EU* [Spreagadh tionchair: garspriocanna a aithint agus deiseanna do chomhionannas inscne san Aontas], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg (foilseachán le teacht).

mór aghaidh a thabhairt uirthi trí chur chuige aontaithe. Aithníonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) an gá atá le rochtain uilíoch ar shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe mar chuid den cheart chun sláinte. Tá sé d'aidhm againn Straitéis um Chomhionannas Inscne a bheith againn lena n-áirithítear rochtain uilíoch ar oideachas gnéasachta agus caidrimh atá cuimsitheach, aois-oiriúnach agus bunaithe ar fhianaise, ar raon modhanna agus soláthairtí frithghiniúna nua-aimseartha ardcháilíochta, inrochtana, inacmhainne, ar chomhairleoireacht pleanála teaghlaigh, ar chóireálacha torthúlachta agus ar fhaisnéis maidir le frithghiniúint, chomh maith le cúram ginmhillte atá saor in aisce, sábháilte agus dleathach.

I bhfianaise staid **mhargadh saothair** na hEorpa, teastaíonn cur chuige práinneach cuimsitheach chun na neamhionannais atá ann cheana a shárú. Níl post ar phá ag bean amháin as gach triúr san Aontas agus is ag mná atá formhór na bpost páirtaimseartha san Aontas. Go traidisiúnta rinneadh tearcluacháil ar obair na mban agus tá an leithscaradh inscne fós suntasach, cuir i gcás, tá ionadaíocht ró-mhór ag mná in earnálacha nach bhfuil chomh brabúsach**. Is céim ríthábhachtach é cumhachtú na mban i saol na hoibre** a mhéid a bhaineann le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch agus is réamhchoinníoll é do gheilleagar láidir iomaíoch. Dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach an **Treoir maidir le Trédhearcacht Pá** a thrasuí go tapa agus béim á cur ar bhealaí lena raon feidhme a leathnú. Ina theannta sin, ní mór an **Treoir maidir le Pá Íosta Leordhóthanach** agus **Mná ar Bhoird** a chur chun feidhme. Aithnítear sa tuarascáil seo gurb í an phríomhchúis atá leis an mbearna phá idir na hinscní ná an pá atá níos ísle go córasach in earnálacha ina bhfuil mná i bhfad níos líonmhaire (cúram, cúram sláinte, oideachas, miondíol) i gcomparáid le pá in earnálacha ina bhfuil fir níos líonmhaire, rud a fhágann nach bhfuil na hearnálacha seo tarraingteach d'fhir agus a threisíonn noirm agus steiréitíopaí díobhálacha. Tá géarghá le treoirlínte a fhorbairt lena ndéanfaí foráil maidir le sainmhíniú agus comparáid a dhéanamh ar '*luach na hoibre*' agus uirlisí agus critéir phostmheastóireachta atá neodrach ó thaobh inscne a bhunú d'fhonn meastóireacht níos fearr a dhéanamh agus luach saothair níos cothroime a íoc as obair in earnálacha ina bhfuil mná níos líonmhaire. Ní mór aghaidh a thabhairt ar shaincheist na sábháilteachta ag an obair, sna spásanna oibre agus i gcomhthéacs na cianoibre araon.

Tá oideachas agus oiliúint riachtanach chun comhionannas inscne a bhaint amach agus chun é a chur ar a gcumas do gach duine oiriúnú d'athruithe sa mhargadh saothair, agus tá oideachas treasach ríthábhachtach le haghaidh deiseanna fostaíochta ardcháilíochta. San Aontas Eorpach sa lá atá inniu ann, tá leithscaradh inscne cothrománach agus ingearach fós ann san oideachas agus tá sé díobhálach don chomhionannas inscne. Mar sin, tá sé ríthábhachtach rochtain iomlán gan bhac a thabhairt ar oideachas agus oiliúint, agus tacú le rannpháirtíocht na mban in oideachas ETIM agus i ngach réimse agus gairm bheatha eile. Meastar go bhfuil 8 milliún speisialtóir TFC san Aontas ach nach bhfuil ach 17 % díobh ina mná. Ar fud an domhain, níl ach 22 % de ghairmithe IS ina mná. Tá méadú ag teacht ar thábhacht na n-ábhar sin agus ar phoist ghaolmhara agus ní mór dúinn a áirithiú nach bhfágtar mná ar lár agus go bhfuil siad sábháilte sa réimse digiteach, lena n-áirítear é sin a dhéanamh agus aghaidh á tabhairt ar shaincheist na n-algartam agus uirlisí reatha eile. Ós eol dúinn go bhfuil domhan ar líne cruthaithe ag an struchtúr úinéireachta príobháidí atá ann faoi láthair agus ag príomhghníomhaithe na n-ardán mór ar líne a dhéanann dochar do chearta na mban agus do chomhionannas inscne, ní mór dúinn a bheith in ann dul i ngleic leis sin agus gach bean agus cailín ar fud an Aontais a chosaint. Chomh maith leis sin, ní mór fir a spreagadh chun dul isteach in earnálacha ina bhfuil mná i bhfad níos líonmhaire, trí choinníollacha oibre níos fearr agus pá cothrom a chur ar fáil. Leis an Straitéis nua um Chomhionannas Inscne, ní mór creat a fhorbairt, lena gcruthófar spásanna sábháilte do chailíní agus do bhuachaillí chun foghlaim, chun oideachas a chur ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí faoi steiréitíopaí inscne

agus eiseamláirí dearfacha de mhná agus d'fhir fheimineacha a bhunú.

Is srian suntasach ar rannpháirtíocht ban sa mhargadh saothair iad **freagrachtaí cúraim** leanaí agus cleithiúnaithe eile. Mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim gan phá, cuirtear bac ar thart ar 7,7 milliún bean san Aontas a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair, i gcomparáid le 450.000 fear. Ar leibhéal an teaghlaigh, mar gheall ar dheighilt mhíchothrom na hoibre cúraim gan phá idir mná agus fir, cuirtear srian ar rannpháirtíocht chomhionann na mban sa lucht saothair agus ar dhul chun cinn gairme. Déanann an cás sin dochar do chreat cóir **fíorchothromaíochta oibre is saoil** a bhaint amach agus leis an Straitéis nua ní mór aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Tá sé d'aidhm againn oibriú i dtreo '*samhail "cúramóir comhionann – saothraí comhionann"*' a bhaint amach sa tsochaí. Ní mór dúinn, dá bhrí sin, dlúthfhaireachán, dlúthmheastóireacht agus, más gá, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an **Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil** ach tá gá freisin le **Comhaontú Cúraim na hEorpa** a chur chun cinn, bunaithe ar Straitéis Cúraim na hEorpa, le reachtaíocht cheangailteach agus maoiniú ó leibhéal an Aontais. Is ar mhná atá ualach an chúraim ar fud earnálacha éagsúla, agus ní mór dúinn comhdheiseanna a áirithiú ar leibhéal na hEorpa.

Déanann grúpaí éagsúla cinntí níos fearr, níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe. Na cinntí ina gcuirtear dearcadh gach duine san áireamh, is iad sin amháin na cinntí atá oiriúnach chun an bealach a réiteach do thodhchaí a bheidh níos fearr do chách agus is eiseamláirí ríthábhachtacha iad **mná i bpoist chinnteoireachta** agus cuidíonn siad le creat a mhúnlú le haghaidh todhchaí chomhionann. Ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sa chinnteoireacht ar an leibhéal polaitiúil, agus ar an leibhéal eacnamaíoch agus, an tráth céanna, dul i ngleic le neamhionannais institiúideacha lena gcuirtear cosc ar mhná a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Agus coinbhleachtaí domhanda agus éiginnteacht ag dul i méid, **ní mór beartas eachtrach, cosanta agus slándála an Aontais a bheith feimineach**, agus baint amach chearta na mban agus comhionannas inscne a bheith mar cheann de na prionsabail chothrománacha agus na príomhspriocanna. Inár mbeartais sheachtracha, ní mór dúinn a bheith in ann misean cothaithe síochána a léiriú agus tá rannpháirtíocht chomhionann ceannairí agus páirtithe leasmhara baineanna ar cheann de na réamhriachtanais chuige sin. Ní mór an clár oibre maidir le cearta na mban a chur chun cinn agus a chosaint, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaithe ban, d'oideachasóirí agus do cheannairí i gcriosanna coinbhleachta a bheith mar thosaíocht i ngach straitéis de chuid an Aontais um fhreagairt do choinbhleachtaí mar aon le haon uirlis agus sásra um fhreagairt i gcás géarchéime. Ní mór prionsabal na gceart, na hionadaíochta agus na n-acmhainní a chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí seachtracha uile an Aontais.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an Rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
Fóram Parlaiminteach na hEorpa um Chearta Gnéis agus Atáirgthe
The International Planned Parenthood Federation (IPPF) European Network
Center for Reproductive Rights
European Women's Lobby
Foundation for European Progressive Studies (FEPS)
European Institute for Gender Equality
B.a.B.e. Budi aktivna. Budi emancipiran.
Fertility Europe
Center for Women Victims of War (ROSA)
The Directorate-General for Justice and Consumers (DG JUST) of the European Commission
European Trade Union Confederation (ETUC)
European Public Service Union (EPSU)

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.